

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**

**Turas na Croise gach Domhnach @ 5.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

## Uair Bheannaithe

Cill Éinde, Spidéal

**Gach Aoine ón 8.00i.n.- 9.00 le linn an Charghais**

**Fáilte roimh cách**



**Bhí Cóineartú ag Rang 6 ó Scoil Cill Éinde, an tseachtain seo.**

***Comhghairdeas leo agus lena dtuismitheoirí.***

**Míle buíochas lena múinteoirí agus le foireann na scoile ar fad.**

***Lá na Máithreacha Sona***

# Aisteoirí an Spidéil

**An tOthar**
**Oifig an Phoist**

**Seanscoil Sailearna**
**Luan + Máirt 16+17 Márta @8.00 i.n**
**€10: ticéid ag an doras.**

***Dhá dhráma in aon oíche amháin.***



# Paróiste An Spidéil
## An Ceathrú Domhnach den Charghas
## 15 Márta 2026

tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.ie

| | | | **Aifrinn & Intinní na Seachtaine** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 11.00r.n. | Pádraic Ó Curraoin **Aifreann Cinn Míosa** *Baile Éamoinn/An tAonach, Thiobraid Árann*<br>Tom Concannon & Mhac Peter Concannon **Aifreann Cinn Míosa** *Boston /Florida*<br>Pat Dirrane **Céad Cuimhneacháin** *Baile an tSagairt*<br>Éamonn Ó Neachtain **11ú Cuimhneachán** *Seannamhoinn*<br>Liam Ryan *Cnoc/Indreabhán*<br>Ted Ó Bearra **36ú Cuimhneachán** a mhac Feargal, & gar iníon Bróna *Bothúna*<br>Pádraic Ó Coisdealbha *Baile an Domhalláin* |
| Dé Máirt | 17ú | 11.00r.n. | Tess & Peadar Mac Flannadha *Sidheán* |
| Céadaoin | 18ú | 10.00r.n. | Aifreann |
| Déardaoin | 19ú | 10.00r.n. | Aifreann |
| Dé hAoine | 20ú | 10.00r.n.<br>8.00in-9.00in | Aifreann<br>**Uair Bheannaithe** |
| Dé Domhnaigh | 22ú | 11.00r.n. | George Richardson Céad Cuimhneachn *Baile Liam/Killenaule*<br>Pádraic Cochlain *Sidheán*<br>An tAth Pádraic Ó Neachtain *4ú Cuimhneacháin* *Cré Dhubh/CapeTown*<br>Pádraic Ó Fátharta, a bhean Mariad & iníon Bríd *Coilleach*<br>Peadar Breathnach, a bhean Mairéad , clann mac & clann inon *Camus/Coilleach* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MAIL** |
| Dé Sathairn | 14ú | 6.30i.n. | Arlene Garvey **2ú Cuimhneachán** *Rhode Island*<br>Muintir Garvey & Flynn *Rhode Island*<br>An t-Allas Fola sa ghairdín |
| Dé Satharn | 21ú | 6.30i.n. | |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 9.30r.n. | |
| Dé Máirt | 17ú | 9.30 i.n. | Seán Ó Máille *Minna*<br>Pádraic Ó Céide 10ú Cuimhneachán *Cnoc a dTua* |
| Dé Domhnaigh | 22ú | 9.30r.n. | |

**Loinneog don Iontróid**
Dúirt mo chroí leat: lorg mé do ghnúis; lorgóidh mé do ghnúis, a Thiarna. Ná hiompaigh d'aghaidh uaim.

**Urnaí**
A Dhia, nach iontach mar a thugann tú an cine daonna chun athmhuintearais leat trí do Bhriathar! Deonaigh, impímid ort, go mbeadh an pobal críostaí in ann brostú ar aghaidh chun na sollúna atá romhainn, le dúthracht bheo agus le creideamh bríomhar. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair* An Chéad Léacht**
*Sliocht as céadleabhar Samuél - 16:1, 6-7, 10-13*
Dúirt an Tiarna le Samuél: 'Líon d'adharc d'ola agus tar liom. Táim do do chur chuig Iese an Beithileach, óir tá rí roghnaithe agam dom féin i measc a chlann mhac.' Ar theacht isteach do Samuél chonaic sé Eliab agus dar leis: 'Caithfidh go bhfuil an té atá ungtha ag an Tiarna ansin os a chomhair.' Agus dúirt an Tiarna le Samuél: 'Ná bac a dhreach ná a airde, mar diúltaím dó. Ní thugaim breith mar a thugann an duine; breathnaíonn an duine an chuma a bhíonn ar nithe ach breathnaíonn an Tiarna isteach sa chroí.' Thug Iese a sheachtar mac os comhair Samuél. Agus dúirt Samuél le Iese: 'Níl aon duine acu seo roghnaithe ag an Tiarna.' D'fhiafraigh sé de Iese: 'An bhfuil do chlann mhac go léir anseo?' D'fhreagair seisean: 'Tá mac eile ann go fóill, an té is óige, atá ag aoireacht na gcaorach.' Dúirt Samuél le Iese: 'Cuir fios air; ní shuífimid chun bia go dtiocfaidh sé.' Chuir sé fios air. Gasúr dathúil a bhí ann, súile lonracha aige agus maise ina ghnúis. Agus dúirt an Tiarna: 'Éirigh agus déan é a ungadh, mar is é seo é.' Ansin thóg Samuél adharc na hola agus d'ung sé é ina sheasamh i lár a bhráithre. Agus tháinig spiorad an Tiarna anuas ar Dháiví ón lá sin amach.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**
***Fr: Is é an Tiarna m'aoire;***
***ní bheidh aon ní de dhíth orm.***

1. Is é an Tiarna m'aoire;
ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé i mo luí mé
i móinéar féaruaithne.
Seolann sé ar imeall an uisce mé,
mar a bhfaighim suaimhneas.
2. Seolann sé mé ar rianta díreacha
mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais,
níor bhaol liom an t--olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall
chun sólás a thabhairt dom. *(Fr)*
3. Cóiríonn tú bord chun béile dom
i bhfianaise mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola;
tá mo chupán ag cur thar maoil. *(Fr)*
4. Leanfaidh cineáltas is fabhar mé
gach uile lá de mo shaol.
I dteach an Tiarna a mhairfidh mé
go brách na breithe. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na hEifísigh – 5:8-14*
A bhráithre, dorchadas ab ea sibhse tráth, ach is solas anois sibh i bpáirt leis an Tiarna. Más ea, tugaigí bhur saol mar is dual do lucht an tsolais - is é toradh a thugann an solas uaidh, gach cineál maitheasa agus fíréantachta agus fírinne. Bíodh tóir agaibh ar an ní is áil leis an Tiarna, agus ná bíodh baint ná páirt agaibh le hoibreacha baotha an dorchadais ach iad a nochtadh don saol. Na nithe a bhíonn ar siúl faoi choim ag lucht an dorchadais, ba náireach iad a lua féin; ach gach ní a nochtar ag an solas, déantar follasach é, agus gach a mbíonn follasach bíonn sé ina sholas. Sin é an fáth a ndeirtear:
Dúisigh a chodlatánaigh,
agus éirigh ó na mairbh,
agus soilseoidh Críost thú.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Glóir duit, a Chríost, is tú Briathar Dé!**
Is mise solas an tsaoil, a deir an Tiarna;
an té a leanfaidh mise beidh solas na beatha aige.
**Glóir duit, a Chríost: is tú Briathar Dé!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 9:1-41*
Ag gabháil na slí d'Íosa, chonaic sé duine a bhí dall ón mbroinn. Chaith sé seile ar an talamh agus rinne sé láib den tseile agus smear sé an láib ar shúile an daill agus dúirt sé leis: 'Imigh agus nigh i Linn Silóm' - is é sin le rá: 'Seolta.' D'imigh sé, nigh é féin agus d'fhill agus a radharc aige.

Dúirt a chomharsana ansin, agus an dream a chonaic é roimhe sin ag iarraidh déirce: 'Nach é seo an té a bhíodh ina shuí ag lorg déirce?' Dúirt daoine: 'Is é.' Dúirt daoine eile: 'Ní hé, ach is cosúil leis é.' Dúirt sé féin: 'Is mé é.'

Thug siad chun na bhFairisíneach an té seo a bhí dall tráth. Ba é an tSabóid é an lá a rinne Íosa an láib agus a d'oscail sé súile an duine. D'fhiafraigh na Fairisínigh de arís mar sin conas a fuair sé a radharc. Dúirt sé leo: 'Chuir sé láib ar mo shúile, nigh mé agus tá mo radharc agam.' Dúirt cuid de na Fairisínigh ansin: 'Ní ó Dhia an duine seo mar ní choinníonn sé an tSabóid.' Dúirt cuid eile: 'Conas is féidir duine peacúil a dhéanamh míorúiltí mar iad seo?' Agus bhí aighneas eatarthu. Dúirt siad arís leis an dall dá bhrí sin: 'Cad deir tusa mar gheall air ó d'oscail sé do shúile?' D'fhreagair sé: 'Fáidh is ea é.' D'fhreagair siad agus dúirt leis: 'I bpeacaí a rugadh thusa ar fad, agus an dár dteagascna atá tú?' agus chaith siad amach é.

Chuala Íosa gur chaith siad amach é, agus nuair a fuair sé é dúirt sé leis: 'An gcreideann tú i Mac an Duine?' D'fhreagair seisean: 'Cé hé féin, a dhuine uasail?' ar sé leis, 'chun go gcreidfinn ann." Dúirt Íosa leis: 'Tá sé feicthe agat, agus an té atá ag caint leat is é é.' Dúirt seisean: 'Creidim, a Thiarna,' agus rinne sé ómós dó.
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost..**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláít; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar. Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

**Iarchomaoineach**
A Dhia, a shoilsíonn gach duine ag teacht ar an saol, soilsigh ár gcroí le gile do ghrásta, impímid ort; go raibh ar ár gcumas ár n-aigne a dhíriú ar nithe cuí a thaitníonn le do mhórgacht, agus grá a thabhairt duit le croí gan chlaon. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**

Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.
**Buíochas le Dia.**

## Cruinniú Ginearálta Bliantúil

Tionólfar Cruinniú Ginearálta Bliantúil atrátha scairshealbhóirí Chomharchumann Shailearna Teo. i Seanscoil Shailearna, ar an gCéadaoin 18/3/2026 @ 8.00i.n.

Is do scairshealbhóirí an Chomharchumainn a bhfuil a gcuid scaireanna íoctha suas chun dáta acu **amháin** an cruinniú seo